Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)**

**14549/22**

**LIMITE**

**CORLX 1055
CFSP/PESC 1523
CODUN 60
COARM 231
COWEB 153
COEST 812**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE mar thaca le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Armán Éadrom (SEESAC) do chur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar a chomhrac agus mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**mar thaca le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Armán Éadrom (SEESAC) do chur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir leis an ngáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar a chomhrac agus mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Straitéis 2018 an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma (SALW) aindleathacha agus a n-armlón, dar teideal '*Securing Arms, Protecting Citizens*' [Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint] ('Straitéis SALW an Aontais'), luaitear go dtugann an tAontas tosaíocht ar leith don chomhar réigiúnach mar mhodh éifeachtúil chun rialú a dhéanamh ar mhionairm. I Straitéis SALW an Aontais, luadh na Balcáin Thiar mar réigiún tosaíochta don tacaíocht.

(2) An 17 Bealtaine 2018, ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i Sóifia, tháinig ceannairí an Aontais ar chomhaontú maidir le Dearbhú Shóifia, dearbhú lenar sheas comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus lena n-áirítear an gealltanas chun feabhas suntasach a chur ar an gcomhar oibríochtúil sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe idirnáisiúnta i réimsí tosaíochta amhail airm thine, drugaí, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine.

(3) Tá réigiún na mBalcán Thiar fós ar cheann d'fhoinsí na gáinneála aindleathaí ar airm isteach san Aontas.

PUBLIC

(4) An 10 Iúil 2018, d’óstáil Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann 5ú Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar i Londain, cruinniú inar glacadh an ‘*Regional Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans by 2024*’ [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil SALW/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024] (‘an Treochlár’), treochlár a d’ullmhaigh coimisiúin SALW na mBalcán Thiar faoi chuimsiú an tionscnaimh Fhranc-Ghearmánaigh um chomhordú deontóirí maidir le gáinneáil aindleathach ar airm thine sna Balcáin Thiar. Tá a bpleananna gníomhaíochta á n-ullmhú ag na coimisiúin sin chun an Treochlár a chur chun feidhme.

PUBLIC

(5) I gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015, dearbhaítear nach féidir an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach in éagmais na síochána agus na slándála agus go bhfuil sreafaí aindleathacha arm ar na tosca is cúis leis an bhforéigean, leis an easpa slándála agus leis an éagóir.

(6) Ag 8ú Cruinniú Débhliantúil na Stát is páirtithe maidir le cur chun feidhme an chláir gníomhaíochta chun gach gné den trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma, a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, cruinniú a tionóladh i mí Iúil 2022 ag na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac, gheall Ballstáit na Náisiún Aontaithe comhpháirtíochtaí agus comhar a neartú ar gach leibhéal chun trádáil aindleathach SALW a chosc agus a chomhrac, agus chun comhar teorann agus comhordú réigiúnach agus foréigiúnach a chur chun cinn agus a neartú.

(7) Tá spriocanna an Treochláir a chomhaontaigh comhpháirtithe na mBalcán Thiar siad comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais agus na Náisiún Aontaithe carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlón a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na Balcáin Thiar agus an Treochlár á chur chun feidhme.

(8) Bunaíodh Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) i mBéalgrád in 2002 agus feidhmíonn sé faoi shainordú comhpháirteach Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe agus na Comhairle um Chomhar Réigiúnach. Tá SEESAC ina chomharba ar an gComhshocrú Cobhsaíochta le haghaidh Oirdheisceart na hEorpa, cuidíonn sé le geallsealbhóirí náisiúnta agus réigiúnacha leathadh agus mí-úsáid SALW agus a n-armlóin a rialú agus a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuireann sé le cobhsaíocht, slándáil agus forbairt fheabhsaithe in Oirdheisceart agus in Oirthear na hEorpa. Cuireann SEESAC béim ar leith ar thionscadail réigiúnacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shreafaí iarbhír trasteorann arm.

PUBLIC

(9) Thacaigh an tAontas le SEESAC roimhe seo trí bhíthin Chinneadh 2002/842/CBES ón gComhairle[1], arna leathnú agus arna leasú le Cinntí 2003/807/CBES[2] agus 2004/791/CBES[3] ón gComhairle, agus trí bhíthin Chinneadh 2010/179/CBES ón gComhairle[4], Chinneadh 2013/730/CBES ón gComhairle[5], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2015/2051 ón gComhairle[6], Chinneadh (CBES) 2016/2356 ón gComhairle[7] agus Chinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle[8], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2021/2161 ón gComhairle[9].

PUBLIC

---

1 Cinneadh 2002/842/CBES ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2002 a bhaineann le cur chun feidhme Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2002/589/CBSE d'fhonn go rannchuideoidh an tAontas Eorpach leis an gcarnadh agus leathadh díchobhsaíoch mionarm agus arm éadrom in Oirdheisceart na hEorpa a chomhrac (IO L 289, 26.10.2002, lch. 1).

2 Cinneadh 2003/807/CBES ón gComhairle an 17 Samhain 2003 lena leathnaítear agus lena leasaítear Cinneadh 2002/842/CBES a bhaineann le cur chun feidhme Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2002/589/CBSE d'fhonn go rannchuideoidh an tAontas Eorpach leis an gcarnadh agus leathadh díchobhsaíoch mionarm agus arm éadrom in Oirdheisceart na hEorpa a chomhrac (IO L 302, 20.11.2003, lch. 39).

3 Cinneadh 2004/791/CFSP ón gComhairle an 22 Samhain 2004 lena leathnaítear agus lena leasaítear Cinneadh 2002/842/CBES lena gcuirtear chun feidhme Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2002/589/CBSE d'fhonn go rannchuideoidh an tAontas Eorpach leis an gcarnadh agus leathadh díchobhsaíoch mionarm agus arm éadrom in Oirdheisceart na hEorpa a chomhrac (IO L 348, 24.11.2004, lch. 46).

4 Cinneadh 2010/179/CBES ón gComhairle an 11 Márta 2010 mar thaca le gníomhaíochtaí rialaithe airm SEESAC sna Balcáin Thiar faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac (IO L 80, 26.3.2010, lch. 48).

5 Cinneadh 2013/730/CBES ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac (IO L 332, 11.12.2013, lch. 19).

6 Cinneadh (CBES) 2015/2051 ón gComhairle an 16 Samhain 2015 lena leasaítear Cinneadh 2013/730/CBES mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac (IO L 300, 17.11.2015, lch. 19).

7 Cinneadh (CBES) 2016/2356 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac (IO L 348, 21.12.2016, lch. 60).

8 Cinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar (IO L 293, 20.11.2018, lch. 11).

9 Cinneadh (CBES) 2021/2161 ón gComhairle an 6 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1788 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar (IO L 436, 7.12.2021, lch. 46).

(10) Measann an tAontas gurb é SEESAC an comhpháirtí cur chun feidhme is fearr chun an Treochlár a chur chun feidhme sna Balcáin Thiar i ngeall ar an taithí chruthaithe agus ar an ngréasán seanbhunaithe atá aige, i ngeall ar cháilíocht chruthaithe a chuid oibre agus i ngeall ar a ról comhordúcháin agus an Treochlár á ullmhú.

(11) Ba cheart don ghníomhaíocht a eascraíonn as an gCinneadh seo cur leis an mbonn a cruthaíodh leis an méid a baineadh amach faoi na Cinntí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo mar thaca le SEESAC.

(12) Ina theannta sin, leis an ngníomhaíocht seo ón Aontas, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin, stáit atá ag déileáil le dúshláin den chineál céanna maidir le rialú SALW. Ba cheart an méid sin a dhéanamh tríd an eolas agus an taithí a fuarthas agus na dea-chleachtais a forbraíodh sna Balcáin Thiar ó 2001 i leith a aistriú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Tacóidh an tAontas le comhpháirtithe na mBalcán trí bhíthin chur chun feidhme an '*Regional Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans by 2024*' [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil SALW/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024]. Is iad seo a leanas na spriocanna a leagtar amach sa Treochlár:

(a) faoi 2023, a áirithiú go mbeidh reachtaíocht maidir le rialú arm i bhfeidhm, go mbeidh sí comhchuibhithe go hiomlán le creat rialála an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta gaolmhara eile agus go ndéanfar í a chaighdeánú ar fud an réigiúin;

(b) faoi 2024, a áirithiú go mbeidh beartais agus cleachtais um rialú airm sna Balcáin Thiar bunaithe ar fhianaise agus ar fhaisnéis;

(c) faoi 2024, laghdú suntasach a dhéanamh ar shreafaí aindleathacha arm tine, armlóin agus pléascán isteach sna Balcáin Thiar, laistigh díobh agus lasmuigh díobh;

(d) faoi 2024, laghdú suntasach a dhéanamh ar sholáthar, ar éileamh agus ar mhí-úsáid arm tine trí fheasacht, oideachas, for-rochtain agus abhcóideacht a mhéadú;

(e) faoi 2024, laghdú suntasach a dhéanamh ar líon measta na n-arm tine atá i seilbh aindleathach sna Balcáin Thiar;



PUBLIC

(f) An barrachas a laghdú go córasach agus mionairm agus armáin éadroma agus a n-armlón arna n-urghabháil a scriosadh;

(g) Laghdú suntasach a dhéanamh ar an mbaol atá ann go ndéanfar airm thine, armlón agus pléascáin a leathadh agus a atreorú;

2. Anuas ar na spriocanna dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh gníomhaíocht seo an Aontais tacaíocht ar fáil do chomhrac na gáinneála aindleathaí ar airm i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin.

3. Chun na spriocanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a bhaint amach, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas trí bhíthin an Chinnidh seo:

(a) tacú le comhordú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an '*Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans*' [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil SALW/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar];

(b) tacú le húdaráis sna Balcáin Thiar chun a reachtaíocht maidir le rialú arm a chomhchuibhiú go hiomlán le creat rialála an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta gaolmhara eile; agus

(c) tacaíocht a chur ar fáil chun gáinneáil aindleathach ar airm sna Balcáin Thiar, i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin a chomhrac trí mheasúnuithe acmhainneachta agus trí chúnamh teicniúil a thabhairt do na húdaráis forfheidhmithe dlí agus póilíneachta teorann.

4. Is iad na Balcáin Thiar raon feidhme geografach an tionscadail, agus is iad an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, an tSeirbia agus an Mhacadóin Thuaidh tairbhithe díreacha an tionscadail.

Ina theannta sin, maidir leis na spriocanna dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an tionscadal tacaíocht ar fáil do Phoblacht na Moldóive agus don Úcráin.

5. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Is é an tArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') a bheidh freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é SEESAC a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1, i gcomhar, i gcás inar gá, le Tiománaí an ardáin Eorpaigh ildisciplínigh i gcoinne bagairtí coiriúla (EMPACT).

3. Déanfaidh SEESAC a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNDP, a ghníomhóidh thar ceann SEESAC.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus leis an Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.



PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 4 006 955,58 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé i gcrích an comhaontú is gá le UNDP, a ghníomhóidh thar ceann SEESAC. Sonróidh an comhaontú go n-áiritheoidh SEESAC infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

PUBLIC

*Airteagal 4*

1. Cuirfidh an tArdionadaí tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha ráithiúla rialta arna n-ullmhú ag SEESAC. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn leis an meastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích le linn tréimhse 6 mhí sin.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC